

Gairmscoil na bPiarsach

Nuachtlitir

Samhradh 2013



Curaidh na hÉireann

Liathróid Láimhe Oilimpeach 2013

“Connacht Gold Junior Chef” – Amy Nic an Iomaire

Ar an 3ú lá de mhí na Bealtaine ghlac **Amy Nic an Iomaire** páirt sa gcomórtas ‘Connacht Gold Junior Chef Finals’. Bhí sé dhuine dhéag páirteach sa gcomórtas. An mias a rinne Amy ná anraith pasta agus iasc spíosraí le couscous. Bhí 90 nóiméad aice le haghaidh an mhias seo a ullmhú. Chomh maith le Amy bhí triúr eile as Co. na Gaillimhe istigh air. Bhí an comórtas ar siúl i gColáiste Oideachais Naomh Aingéal i gCo. Sligeach. Bhain sí gradam bonn airgead agus teastas amach. In éineacht lei ag an ócáid seo bhí **Síle Ní Fhlatharta**, **Gráinne Ní Chonaire** agus an múinteoir Eacnamaíocht Bhaile **Amanda Ní Ghreacháin**.



Liathróid Láimhe Oilimpeach

Comhghárdeachas le foirne Liathróid Láimhe Oilimpeach na scoile ar éirigh leo Craobh na hÉireann 2013 a bhuaic dé hAoine seo caite. Bhí an comórtas ar siúl i mBaile an tSaoir i mBaile Átha Cliath. Fuair an foireann sinsear cailíní an ceann is fearr ar Scoil Phobail Bhaile an tSaoir leis an scór 13-7 agus bhí an bua ag an bhfoireann buachaillí (faoi 15) ar Árd Scoil Rís leis an scór 18-5. Is iad **Síle Ní Shúilleabháin** agus **Liam Ó Conaire** an bheirt caiptíní agus thug an bheirt acu treoir agus dea-shampla ó thús go deireadh. Rinne chuile dhuine ar an dá fhoireann obair na gcapall le cinntiú go mbeadh an bua againn agus tá ard mholadh ag dul dhóibh uilig. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh lenár dtraenalaí, **Bernard Ó Laoi** agus freisin leis an bPríomhoide **Peadar Ó Loideáin** a thaisteal go dtí na cluichí liom. Buíochas ó chroí leis an Timire Gaeilge **Tomás Breathnach** agus le **Coiste Gairmoideachais Cho na Gaillimhe** a chuir urraíocht ar fáil le haghaidh costaisí bus a íoc maraon le málaí spóirt. Buíochas freisin lena **múinteoirí eile sa scoil, Ciarán Tom, na tuismitheoirí agus muintir na h-áite** as ucht an fháilte a chuir said romhainn nuair a tháinig muid abhaile. (Bridie Uí Chonámha).



Comórtas filíochta

D'éirigh go maith le daltaí na Scoile i gcomórtas filíochta le gairid. D'éirigh le seisear de dhaltaí na scoile duais a bhaint amach sa gcomórtas filíochta a bhí eagraithe ag an **Timire Gaeilge Tomás Breathnach**. Bhí an comórtas seo oscailte do na scoileanna ar fad atá faoin gCoiste Gairmoideachais i gContae na Gaillimhe. Fuair siad seo a leanas dearbhán mar dhuais as ucht a gcuid dánta: **Colene Ní Niadh, Ailbhe Ní Fhoghlua, Cian Ó Fátharta, Aoife Ní Chonghaile, Dara Ó Flatharta** agus **Robbie Seoighe**. (Eoin Ó Mainnín)



Focal ón bPríomhoide

A Chairde, tá bliain eile scoile beagnach críochnaithe againn faoin tráth seo agus go leor curtha i gcríoch ag scoláirí na scoile le linn an am sin. Déanaim comhghárdeachas mór le daltaí an Ghairmscoil as ucht na n-éachtaí éagsúla i rith an tréimhse. Is mór an chreidiúnt iad dá gclainnte agus don scoil. Guím chuile rath ar scoláirí an teastas shóisearaigh agus an Ardteistiméireachta ina gcuid scrúdaithe. Tá an-obair déanta acu agus ag na múinteoirí leo. Tá súil agam go n-éireoidh go breá leo ach go h-airithe le scoláirí na hArdteiste. Aireoidh muid uainn sibh an bhliain seo chugainn. Ba rang díograiseach, comhoibríoch agus sásta a bhí iontu ón chéad lá a shiúl siad isteach geata na scoile chúig bhliana ó shin. Ón méid atá feicthe agam fhéin agus ag an bhfoireann teagaisc, éireoidh go geal le **Síle, Heather, Antaine, Mary, Emma, Sharon, Orla agus Shauna** sa saol amach anseo.

Bainigí ar fad sult as an tsamhradh. Ní fada arís go mbeidh muid ar ais le chéile agus muid ag fáiltiú isteach an trí scoláire fhichead a bhéas ag teacht isteach sa chéad bhliain.

Comhghairdeachas mór le pobal na scoile ach go h-áirithe **Coiste na dTuismitheoirí** a bhailigh ós cionn €4000 le linn an Tráth na gCeist ar an 21ú lá de Mhárta i gColáiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh.

Mar fhocal scoir treasláim le **foirne Liathróid Láimhe Oilimpeach** na scoile a bhuaigh Craobh na hÉireann le gairid. Bhí said thar barr ar an lá sa dá chluiche. **(Peadar Ó Loideáin)**

PADERBORN.

Chuaigh 31 duine as Conamara go Paderborn san Ghearmáin. Bhí mé fhéin agus mo dhearthair Cólín sa ngrúpa a fuair cuireadh agus ba deis iontach a bhí ann páirt a ghlacadh sna h-imeachtaí a bhí ar siúl thall ann. Bhíomar ag léiriú íomha dearfach na tíre seo ag taispeáint an ceol traidisiúnta, an damsha gaelach agus an cultúr láidir atá againn anseo i nÉirinn. Bhí daoine ann a tháinig as An Ollainn, An Ghearmáin, An Iorua, An tSlóváic agus An Bhulgáir. Rinneamar go leor cairde nuair a bhí muid thall ann. Is áit drithlíneach é agus ní raibh scath báistí le feiceáil sa spéir ar chor ar bith, agus ba mhaith linn dul ar ais ann go luath.

(Colene Ní Niaidh)

Iontabhas na gCoillte Dúchachas (Native Woodland trust)

Crainnte do Scoileanna Chuir an Iontabhas na gCoillte Dúchachas crainnte ar fáil do scoileanna chun scoláirí a spreagadh na crainnte a chur agus aire a thabhairt dhóibh. Fuair Gairmscoil na bPiarsach crann do gach scoláire a dhéanann Adhmadóireacht agus fuair siad crann amhain le cur sa mbaile, fuair siad treoir ar an mbealach ceart an crann a chur agus aire a thabhairt dó. Is e aidhm na scéime ná crainnte dúchachas a chosaint agus a chaomhnú. **(Felim Ó Neachtain)**

Imeachtaí Eile: Comhghárdeachas le **foireann peile sinsear buachaillí Ghairmscoil na bPiarsach agus Gairmscoil Fheichín** maraon lena mbainisteoir **Pól Ó Neachtain** as ucht Cluiche Ceannais an Chontae a bhuachaint i gcoinne Coláiste Mhic Éil, Tuaim le déanaí. Ar an bhfoireann bhí **Liam Ó Conaire, Micheál Ó Súilleabháin, Noel Ó Gríofa, John Ó Niadh, Seán Máirtín Ó Súilleabháin, Tomás Ó Loideáin, Seán Mac Donnacha, Antaine Breathnach, Seán Ó Mainnín, Stiofán Ó Neasa, Micheál Ó Niadh agus Máirtín Ó Droighneáin.**

I mí Bealtaine rinne **Brendan Smyth** ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh cur i láthair do thuismitheoirí na scoile faoi Chúrsaí Sábháilteacht ar an idirlíon.

Thug **Brian Ó hAinidh** (comhordnaitheoir Cláir an Teastas Shóisearaigh) an 2ú bliain go dtí an siopa leabhair Easons i nGaillimh áit ar roghnaigh siad leabhar an duine le cur i leabharlann na scoile.

Rinne **Bayside Services** cur i láthair le scoláirí an 4ú & 5ú bliain ar shábháilteacht tiomána ar na bóithre.

Thug an **Príomhoide** agus an múinteoir **Martha Ní Chualáin** an 4ú bliain ar thuras scoile go Gaillimh.

Buíochas le **Clár Críochnú Scoile** as ucht an tacaíocht a chuir siad ar fáil don scoil le linn na bliana.

Turas go Manchain

Mí Feabhra seo caite, chuaigh an 5ú bliain go dtí Manchain, Shasana, ar feadh dhá lá. Bhí plean againn dul ann le haghaidh cluiche sacair Machain Aontaithe v Everton ach faraor bhí an cluiche athraithe go dtí an Domhnach. Chuaigh muid go Manchain ar aon nós le haghaidh scíth ón staidéar. D’fhan muid san Premier Inn agus chuaigh muid ar thuras timpeall páirc peile Old Trafford. Chomh maith leis sin, chuaigh muid go dtí an “Chill Factor”. Áit le sciáil a bhí anseo. Bhí an-chraic againn ag titim ar fud na háite sa sneachta.

Chuaigh muid ag iarsmalainn timpeall an chathair. Bhí siad an-suimiúil. Tar éis a bheith ag siopadóireacht sa Trafford Centre agus eitleán a fháil ar ais abhaile bhí muid tuirseach traochta ach b’fhiú go mór é. Bhí craic iontach againn le chéile. Ba mhaith liom buíochas mór a ghuí le múinteoir **Anna** agus an **Príomhoide** a bhí in éineacht linn. Chomh maith leis sin ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le **Paulie Ó Mainín** a thug cúnamh airgeadais dúinn chun dul ar an turas. Go raibh míle maith agaibh.

Heather Ní Chaisín (5ú bliain)



Réalt Peil na mBan

Comhghairdeachas le **Síle Ní Shúilleabháin** a bhain amach Gradam Réalt Chonnacht anuraidh agus arís i mbliana ar fhoireann “All-Star Chonnacht” i rannóg na hiarbhunscoileanna “PPS Elite All-Star Award”. Ós a chionn sin tá Síle ar fhoireann mhionúr na Gaillimhe i mbliana agus tá súil aici aici Craobh na hÉirinn a bhuachaint leo.

Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, 091-574100
Ríomhphost: piarsach@cogalvec.ie www.gairmscoilnabpiarsach.com

Eag: B Uí Chonámha